Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2021**
**(OR. en)**

**7969/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0207 (COD)**

**VOTE 32**
**INF 95**
**PUBLIC 36**
**CODEC 541**

**NÓTA**

| | | |
|---|---|---|
| Ábhar: | – | Toradh na vótála |
| | – | Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle |
| | | = Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle a ullmhú |
| | | = Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 19 Aibreán 2021 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

6833/20 + COR 1
6833/20 ADD 1 REV 2 + COR 1

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 2, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,

an 14.04.2021

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2018/0207(COD)** (Document: **6833/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Position of the Council at first reading with a view to adoption of a Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Citizens, Equality, Rights and Values Programme and repealing Regulation (EU) No 1381/2013 of the European Parliament and of the Council and Council Regulation (EU) No 390/2014 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 25 | | 89,35% |
| No | 2 | | 10,65% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **19/04/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,58 | Yes | LIETUVA | 0,62 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,55 | Yes | LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes | MAGYARORSZÁG | 2,18 | No |
| DANMARK | 1,30 | Yes | MALTA | 0,11 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes | NEDERLAND | 3,91 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes | ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,11 | Yes | POLSKA | 8,47 | No |
| ΕΛΛΑΔΑ | 2,39 | Yes | PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ESPAÑA | 10,56 | Yes | ROMÂNIA | 4,31 | Yes |
| FRANCE | 14,97 | Yes | SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes | SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| ITALIA | 13,58 | Yes | SUOMI/FINLAND | 1,23 | Yes |
| ΚΥΠΡΟΣ | 0,20 | Yes | SVERIGE | 2,30 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**Ráiteas ón mBulgáir**

Tacaíonn Poblacht na Bulgáire le haidhm an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna chun cearta agus luachanna a chosaint agus a chur chun cinn mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí shibhialta, chun sochaithe oscailte, daonlathacha agus cuimsitheacha a chothú.

Aithnímid gur cheart don Chlár tacaíocht a thabhairt chun gach cineáil foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus gur tosaíochtaí de chuid an Aontais iad cosc foréigin a chur chun cinn, tacaíocht d'íospartaigh agus cosaint íospartach a chabhraíonn le cearta bunúsacha daoine aonair a chomhlíonadh.

Ag an am céanna, tugaimid dár n-aire nár aontaigh an tAontas Eorpach do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) agus nach cuid de dhlí an Aontais an Coinbhinsiún seo. Dá bhrí sin, ní féidir aon tagairt do Choinbhinsiún Iostanbúl sa Rialachán a fhorléiriú mar ghealltanas ón Aontas agus ó na Ballstáit an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a chur chun feidhme.

**Ráiteas ón Ungáir**

Tá imní curtha in iúl ag an Ungáir, roinnt mhaith uaireanta le linn na caibidlíochta, a mhéid a bhaineann leis na dréachtrialacháin lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna agus an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027 agus ní féidir léi tacú leis na téacsanna críochnaitheacha uathu ach oiread.

Maidir leis an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Chearta agus Luachanna don tréimhse 2021-2027 agus an dréachtrialachán lena mbunaítear an Clár um Cheartas don tréimhse 2021-2027, tá an Ungáir den tuairim nár mhór athbhreithniú substaintiúil a dhéanamh ar na dréachtrialacháin ar na cúiseanna seo a leanas: easnaimh a mhéid a bhaineann leis an mbunús dlí (go háirithe maidir leis an tsraith 'luachanna an Aontais' chomh maith leis an tsraith 'Rannpháirteachas agus rannpháirtíocht na saoránach' de chuid an chláir 'Cearta agus Luachanna'), an raon feidhme doiléir nach mbeadh teoranta do réimse chur i bhfeidhm dhlí an Aontais (lena n-áirítear tagairtí do chonarthaí idirnáisiúnta nach bhfuil daingnithe ag an Aontas), an bhéim ar thacaíocht do chineál sonrach amháin eintitis incháilithe (eagraíochtaí na sochaí sibhialta) seachas díriú ar na tionscadail shuntasacha, chomh maith leis an tagairt do choincheapa nach bhfuil i gcomhréir le foclaíocht na gconarthaí. Tá an Ungáir meáite ar chearta bunúsacha agus luachanna Eorpacha a chosaint, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta agus cóir chomhionann a chur chun cinn.

Áitíonn an Ungáir go ndéanfar na buncheanglais a bhaineann le deimhneacht dhlíthiúil , prionsabal na tabhartha agus comhlíontacht leis na Conarthaí i gcoitinne a urramú ionas nach mbeifí den tuairim go bhféadfadh tionchar a bheith ag tuairimí polaitiúla agus idé-eolaíocha agus tosaíochtaí do chistiú ón Aontas á sainiú.